MÍR 4
CEANTAR FEIDHME AN tSNAIDHM
PLEAN CEANTAR ÁITIÚIL

Mír 4a
AN tSNAIDHM PLEAN CEANTAR ÁITIÚIL

1.0 COMHTHÉACS

1.1 Suíomh

Baile fíorálainn ar Leithinis Uíbh Ráthaigh is ea An tSnaidhm, é suite ar an N70 ar an Mór-Chuaird thart ar 25cm siar ón Néidín agus 30cm soir on gCoireán. Tá Cill Airne 45cm uaidh ar an N71 is an R568 idir é agus Céim an Daimh soir ó thuaidh. Tá sé lonnaithe in áit mhaith ag bun sléibhte maorga ar Abha na Snadhma.

1.2 Daonra

Tá sé suite laistigh de Thoghcheantar An tSnaidhm ach níl figiúirí daonra ar fáil do bhaile An tSnaidhm de reir daonáireamh 2011. Idir 2006 agus 2011 bhí laghdú ar an ndaonra ó 577 go 555 dhuine, sin laghdú 3.8%. Daonra an-bheag atá anso ach mar sin féin toisc an baile a bheith faoi fhoirgnimh agus bríomhar gnóthach i gcónaí cheapfadh éinne go raibh baile níos mó i gceist anso ná mar atá.

De réir an RPG agus an Straitéis Lárnach tá sé ar intinn 50% den bhfás a luaitear i bPlean Ceantar Feidhme An tSnaidhm a dháileadh ar an mbaile. Is ionann san agus méadú 57 nduine sa tréimhse 2012-2018.

1.3 Fás agus Forbairt Chónaithe

Laistigh de theorainn fhorbartha An tSnaidhm tá an ceantar mar a smaoineofaí faoi láthair ar fhorbraíocht, san am gcéanna féadfar lár an bhaile a athfhorbairt agus a leathnú. Ar an mórgóir is é an dinnseanchas agus cúinsí bonneagair a chinntíonn an teorainn.

Beartaítear méadú 57 nduine ar dhaonra An tSnaidhm go ceann tréimhse an phlean. Ag ráta seilbhe 2.6 dhuine is ionann san agus 22 áitreabh cónaithe is dlús 5 áitreabh/acra (12ha), sin éileamh ar 4.4 acra (1.8ha) de thalamh zónálta. Má chuirtear san áireamh go mbeidh méadú 50% ar an éileamh i ndáirire a bheidh ar thailte forbraíochta ar son rogha maith sa mhargadh, de réir na dTreoracha Pleananna Forbraíochta d'Údaráis Áitiúla (RCORÁ, 2007), beidh figiúr 6.6 acra (2.7ha) i gceist ar an iomlán. Áirítear na figiúirí mar seo ar son iomaíochta, chun monaplacht a sheachaint agus lena chinntiú go mbeidh dóthain talún zónálta ar fáil. Dá bhrí sin beidh gá le 6.6 acra (2.7ha) chun freagairt don éileamh uirbeach ar thithe cónaithe go ceann treimhse an phlean.

Lonnaíocht	***Talamh Cónaithe Ainmnithe (acra)****	***Sprioc do Sholáthar Tithíochta (líon)***	***Sprioc don mhéadú daonra***
An tSnaidhm	6.6a (2.7 ha)	22	57

* fairsinge 50% san áireamh

Tábla 1.1 Riachtanas Tailte agus Spriocanna Daonra

Léirigh an suirbhé a dhein an RCPRÁ agus Comhairle Contae Chiarraí go bhfuil roinnt eastát folamha/tréigthe/nár críochnaíodh ar an mbaile. Tá níos mó oibre curtha i gcrích ar chuid díobh seo seachas a chéile.

Tá sé mar pholasaí ag Comhairle Contae Chiarraí go gcríochnófar na heastáit úd. An 26 aonad atá ar fáil á gcur san áireamh maraon le 36 chinn a tosnaíodh is 31 cheann nár tosnaíodh fós, meastar go bhfuil dóthain aonad tithíochta ar fáil chun freagairt don éileamh tithíochta. Dá réir sin moltar gan aon tailte breise a zónáil d'áitribh chónaithe.

1.4 Feidhm agus Áiseanna

Ionad tábhachtach is ea An tSnaidhm chun seirbhísí a sholáthar don dúthaigh máguaird, go hairithe is é píosa fada ó bhailte móra seirbhísí mar An Neidín agus Cill Airne. Stad turasóireachta is ea é chomh maith ar An Mór-Chuaird. Dá bhrí sin tá dhá ról ar siúl ann don cheantar in nDeisceart Chiarraí.

Tá scata maith seirbhísí agus áiseanna ar na mbaile, mar shampla siopaí beaga, tábhairní, café agus bialanna. Ina dteannta san tá scoil náisiúnta, Áras An Garda Síochána, stáisiun dóiteáin agus dhá shéipéal, Caitliceach is Eaglais na hÉireann.

Cuireann Óstán An tSnaidhm ar Bhóthar An Neidin leis an réimse cóiríochta ar an mbaile do chuairteoirí. Tá stráicí móra conláistí ann go háirithe thart ar Abha na Snadhma agus Bóthar an Chalaidh. Tá cúirt leadóige ar an dtaobh thiar den abhainn agus clós súgartha ag Sea View.
Ar Bhóthar an Chalaidh tá Gáirdín Céadfaíoch, spás poiblí le haghaidh fleá fhulachta, Sráidbhaile na nÉan agus faiche dealbhadóireachta (Slí na Síóg).

Tá foirgneamh na Geopháirce ar Chearnóg Theas ar Bhóthar Chill Airne. Laistigh de Geopháirc Chiarraí tá fairsinge c.500cm cearnach mar a bhfuil pobail éagsúla, Abhainn na Dóinne, An tSnaidhm, Cathair Dónall, Doire Fhionáin agus Tathuile (nílid siúd ar fad i gceantar feidhme an phlean seo). Ceantar é seo atá fíorshaibhir idir ghnéithe de dhéantús, geolaíocht, fásra agus ainmhithe.

1.5 Bonneagar

Tá An tSnaidhm suite ar an mBóthar Tánaisteach N70 agus bíonn an-chuid tráchta ag gabháil tríd is tranglam ann go minic le linn biaiste na dturasóirí. Cuirtear leis an bhfadhb úd toisc nach bhfuil ar an mbaile ach an t-aon sráid mhór fhada amháin is droichead ar a bhfuil lánaí aonair. Bíonn drochthionchar nach beag ar cháilíocht timpeallachta an bhaile mhóir de dheasca trácht na dturasóirí idir iad siúd a théann tríd mar chuid den Mhór-Chuaird agus eile.

Tá fearas nua cóireála sa tSnaidhm a fhreastalódh go sásúil ar dhaonra 2,500. Maoiníodh an fearas cóireála trí chomhar poiblí/príobháideach is ba é seo an chéad uair gur tharla a leithéid de thionscnamh sa chontae. Tá sé mar pholasaí ag Comhairle Contae Chiarraí go gceanglófar gach aon tigh nua cónaithe laistigh de theorainn na lonnaíochta is den abhantrach séaraigh leis an séarach poiblí.

1.6 Struchtúr Uirbeach
Struchtr uirbeach breá dlúth atá sa tSnaidhm mar tharla an fhorbairt thart ar na Cearnóga agus ar na gnéithe aiceanta. Luaitear an dá chearnóg, Cearnóg Thuaidh agus Cearnóg Theas, ar shuirbhé ar an mbaile déanta thiar sa bhliain 1841. Idir an dá chearnóg tá Abha na Snadhma agus droichead cúng cloiche óna bhfuil radharc an-dheas ar an abhainn. I ndáiríre is i bhfoirm triantánach atá an dá chearnóg, iad araon thart ar dhá fhaiche aonaigh ar a bhfuil caoi an-mhaith mar déantar cúram díobh go rialta. Is ansiúd freisin atá píosaí ealaíona poiblí agus dealbha in onóir do phearsain cháiliúla na háite. Cuireann sé go mór le carachtar éagsúil an bhaile an dreach sráide atá thart ar na cearnóga a bheith bríomhar daite agus tarraingteach.

Is í an Chearnóg Thuaidh an ceann is mó agus cuma saghas ciúin air toisc go bhfuil cuid mhaith tithe cónaithe suite ansiúd, tá na siopaí a mbíonn tarraingt na dturasóirí orthu suite ar an gCearnóg Theas.

1.7 Oidhreacht Ailtireachta & Seandálaíocht
Tá ocht struchtúr ar an Liosta Struchtúr Cosanta, mar a leanas:

Uimh. Thag. 21309901	Áras An Gharda Siochána An tSnaidhm
Uimh. Thag. 21310008	Droichead An tSnaidhm
Uimh. Thag. 21310009	Séipéal An Léirfhoilsiú
Uimh. Thag. 21310010	The Blue Bull, Cearnóg Theas
Uimh. Thag. 21310011	Margadh Olla Uí Chuill, Cearnóg Theas
Uimh. Thag. 21310006	Séipéal Caitliceach Naomh Mhícíl
RPS KY-100-003	Slí na Síóg (Dealbhadóireacht Chloiche)
RPS KY-100-004	Tigh An tSnaidhm, iar-Óstán Uí Shíocháin, Cearnóg Theas

Tá scata maith foirgintí is dreacha sráide tábhachtacha ar an mbaile. Moltar roinnt ACA chun iomláine agus struchtur ailtireachta an dá chearnóg a chaomhnú.

1.8 Timpeallacht Nádúrtha agus Conláistí
Is léir ón líon páirceanna poiblí a forbraíodh ar an mbaile mór go bhfuil sé suite i dtimpeallacht nádurtha ardchaighdeáin. Tuigeann muintir na háite go bhfuil tábhacht ag baint lena dtimpeallacht is coimeádtar slacht is néatacht an-bhreá ar láir an bhaile is ar na limistéir thaitneamhachta.
Toisc an baile mór a bheith ar thuras cáiliúil do chuairteoirí, tá sé ríthábhachtach an radharc brea atá ar an abhainn ón ndroichead a choimeád mar atá faoi láthair is gan aon fhorbairt mhí-oiriúnach a cheadú ar na tailte atá in aice na habhann.

Limistéar Speisialta Caomhnaithe is ea Abha na Snadhma a shnoíonn trí lár an bhaile (002158- Abha na Snadhma). Tharla tuilte go minic cheana in áiteanna éagsúla feadh na habhann. Dá bhrí sin caithfear measúnú an-chúramach baol tuilte a dhéanamh ar aon

fhorbairt mholta nó oibreacha gar don abhainn. Meastar gur bac mór ar fhorbairt an bhaile é nach féidir aon rud mar sin a dhéanamh laistigh de mhachairí tuile na habhann.

Má chuimhnítear ar dhroichead do choisithe a cheanglódh na limistéir thaitneamhachta ó dheas ón abhainn, ní mór a léiriú go dtagann a leithéid d'fhorbairt leis na Cuspóirí Caomhnaithe Dúlra a bhaineann le suímh Natura 2000 trí Mheasúnú faoin dTreoir Gnáthóg, Airteagal 6 a chur i gcrích. Caithfear radhairc ar an abhainn ó Dhroichead na Snadhma maraon le 'Gné Sainspéise' an Droichid fhéin atá ina sturuchtúr cosanta a chaomhnú.

1.9 Trácht idir Fheithclí agus Coisithe

Bíonn an-chuid tráchta ag gabháil tríd an mbaile is tranglam ann go minic le linn biaiste na dturasóirí. Cuirtear leis an bhfadhb úd toisc nach bhfuil ar an mbaile ach an t-aon sráid mhór fhada amháin is droichead ar a bhfuil lánaí aonair. Bíonn fadhb mhór pháirceála i rith an tsamhraidh go mórmhór agus gluaisteáin is busanna ar fud na háite go neamhairdiúil ar an dá Chearnóg Thuaidh agus Theas. Riachtanas práinneach dá réir sin is ea clós páirceála do bhusanna is do ghluaisteáin. Tuigtear go gcaithfidh a leithéid de charr/bus-chlós a bheith i lár an bhaile ionas go n-úsáidfear é ag pobal an bhaile is ag turasóirí araon in ionad iad go léir a bheith ag páirceáil ar an dá Chearnóg.

Ní mór an dá ghabhal mar a mbuaileann Cearnóg Thuaidh le Seaview agus Cearnóg Theas le Bóthar an Chalaidh a fheabhsú. Tá an dara cheann go mórmhór an-dhainséarach, é an-ghnóthach is é suite mar a bhfuil radharc teoranta go minic de dheasca páirceála thart air.

Chun cur le gluaiseacht saoráideach is le sábhailteacht coisithe ta géarghá le cosáin nua is le feabhsúcháin. D'éascófaí na cúrsaí úd idir an baile agus na linistéir thaitneamhachta ach droichead nua do choisithe a chur ar an dtaobh theas de Dhroichead na Snadhma. Bheadh a leithéid seo an-áisiúil idir na limistéir thaitneamhachta ar bhruach na habhann ar an dá thaobh. Go fóill áfach níor aithníodh aon láthair ná dearadh oiriúnach don droichead molta. Chun tacú leis an moladh céanna níor mhór dó teacht le hAinmniúcháin Caomhnaithe Dúlra, Ceansú Baol Tuilte, Cáilíocht Uisce is le cuspóirí caomhnaithe tírdhreach. Mar chuid den phróiseas ceadaithe caithfear a chruthú go gcloítear leis na Cuspóirí Caomhnaithe Dúlra a bhaineann le suímh Natura 2000 sa cheantar trí Mheasúnú faoin dTreoir Gnáthóg, Airteagal 6 a chur i gcrích.

1.10 Fostaíocht

Is i ngnóthaí seirbhísí agus turasóireachta don chuid is mó a fhaightear fostaíocht sa cheantar seo. Braitheann an baile go ró-mhór ar ghnó a dhéanamh le linn biaiste na dturasóirí is caithfear cuimhneamh ar thacú le bearta a spreagfadh fostaíocht maidir le réimsí eile i gcaitheamh na bliana.

1.11 Forbairt Áitreabh Cónaithe

Tá cuid mhaith tithe cónaithe ar an dá chearnóg is ar na bóithre isteach ar an mbaile. Tógadh trí chinn d'fhorbairtí tithíochta le cúpla bliain anuas. Tá ceann amháin soir ón mbaile ar Bhothar An Neidín is ceann eile taobh le Cearnóg Thuaidh. Séard ata sa tríú cheann ar imeall thiar an bhaile ar Bhóthar An Choireáin ná meascán de thithe nua-aimseartha idir thithe saoire agus buanchónaithe. Laistigh de na heastáit úd tá roinnt tithe nár críochnaíodh.

Tógadh tithe freisin feadh na bóithre isteach ar an mbaile ó Chéim an Daimh agus ón Neidín.

1.12 Ceansú Tuilte

Tá sé mar pholasaí ag an gComhairle gan aon fhorbairt a bheith i mbaol tuilte ná go mbeadh aon fhorbairt ina cúis tuilte ná ag cur leo dá dtarlódh a leithéid. Dá réir sin caithfidh iarratasóirí a chinntiú go mbíonn an Plean ag teacht go hiomlán leis na riachtanais a mhínítear sna Treoracha um Bhainistiú Baol Tuilte nuair is cuí.

D'fhoilsigh an OPW réamhdhréacht ar Léarscáileanna Zón tuilte don Chontae is ar ndóigh thóg Comhairle Contae Chiarraí ceann dá bhfuil i gceist iontu siúd. Má mholtar aon fhorbairt ar na tailte céanna beidh gá le measúnú tionchar tuilte ar dtús.

2.0 STRAITÉIS FHORBRAÍOCHTA

Ar an iomlán tá se i gceist sa straitéis, trí fheidhm phleanáil úsáid na talún, cáilíocht na beatha do mhuintir an bhaile a fheabhsú. Ar an gcuma san trí zónáil oiriúnach cuirfear fás eacnamaíoch chun cinn ar bhonn inmharthana agus an leas is fear as buanna agus cáilíochtaí dúchasach an bhaile.

Tá sé ar intinn sa straitéis an baile a fhorbairt mar ionad tábhachtach turasóirachta agus mar ionad seirbhísí ar scala a bheidh oiriúnach don chumas bonneagair. San am gcéanna caomhnfar carachtar uathúil agus ardcáilíochtaí na timpeallachta ionas go meallfar daoine isteach ann idir lonnaitheoirí is cuairteoirí araon.

Faoi láthair tá forbairt do thurasóirí is do mhuintir na háite nach mór ceim ar chéim lena chéile. Níor mhór cúram a dhéanamh as seo amach de thréithe taitneamhacha leochaileacha na lonnaíochta a choimeád mar atáid.

Baineann foirm agus leagan amach ailtireachta an dá Chearnóg Thuaidh agus Theas go dlúth le traidisiúntacht an bhaile mhóir is caithfear í seo a choimeád. Tá sé mar aidhm againn na stráicí ar aghaidh na gcearnóg a ainmniú is a chaomhnú mar limistéir chaomhnaithe ailtireachta.

Chun an tranglam tráchta a laghdú agus chun cur le dreach an bhaile le linn an tsamhraidh tá sé ar intinn clós páirceála do bhusanna a ainmniú mar a mbeidh áiseanna leithris chomh maith. D'fhéadfadh bearta nua um cheansú tráchta a bheith i gceist chun an clós páirceála a oibriú.

Cé go bhfuil An tSnaidhm go mór chun tosaigh sa chontae ó thaobh conláistí de, níl an méid sin soiléir i gónaí ná níl teacht éasca orthu ag cuairteoirí. Sa straitéis seo tá sé ar intinn an scéal sin a leigheas trí rochtain shoiléir is gluaiseacht éasca idir áiseanna taitneamhachta chun go mbeidh a leithéid mar dhlúthchuid den bhaile os comhair cuairteoirí. Cuirfidh an beart seo go mór le híomhá An tSnaidhm ar an iomlán agus bunófar an struchtúr uirbeach ar bhonn timpeallachta ardchaighdeáin.

Má táthar chun an laghdú daonra a chealú caithfear daoine a mhealladh isteach chun cur fúthú sa tSnaidhm. Cé gur fíor go mbíonn fostaíocht ar fáil de bharr tithe saoire san earnáil seirbhísí i rith an tsamhraidh, is bac é sin ar dhaoine ar mhaith leo cur fúthu go buan. Ní maith le héinne cónaí in áit mar a mbíonn tithe folamha thart orthu leath na bliana, iad gan aon chomharsana i ndáiríre, gan bhonn ceart fúthu san áit dá dheasaca, gan mórtas ceantair ná meon ceart pobail. An leibhéal forbraíochta a cheadaítear don bhaile go ceann tréimhse an phlean seo á chur san áireamh, de réir na straitéise seo ní cheadófar mar fhorbairt áitreabh cónaithe ach forbairt bhuanchónaithe amháin. Táthar den tuairim go ndéanfadh tuilleadh tithe saoire dochar d'íomhá taitneamhach an bhaile mhóir mar láthair sásúil dóibh siúd ar mhian leo cur fúthu san áit go buan.

Meastar go gcaithfidh An tSnaidhm leas a bhaint as an mianach áitiúil agus tá sé i gceist sa straitéis An tSnaidhm a chur chun cinn mar ionad ceardaíochta is ealaíona. Da bhriísin tá limistéar áirithe talún ainmnithe mar zón do shráidbhaile ceardlanna mar a bhféadfaí aonaid bheaga a fhorbairt. Ina theannta san, moltar zón miondíola laistigh den bhaile mór go speisialta chun deis a thabhairt do mhuintir na dúthaí ar fad a gcuid táirgí idir cheardaíocht agus gairneoireacht a dhíol ann.

3.0 MÓRCHUSPÓIRÍ

Cuspóir Uimh.	Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle:
OO-1	Forbairt dlúth inmharthana an bhaile a spreagadh trína chinntiú go dtagann forbraíocht nua lena bhfuil cheana féin ann is go mbaintear leas as suímh chúlráideacha agus líonta talún
OO-2	A chinntiú go gcosnaítear suíomh uathúil nádúrtha an bhaile agus na limistéir thaitneamhachta ó fhorbairt mhí-oiriúnach is iad ar fad ar ardchaighdeán
OO-3	Gnéithe na hoidhreachta ailtireachta a mhíníonn carachtar uathúil an bhaile a chaomhnú is a fheabhsú trí dhearadh oiriúnach a chur i bhfeidhm ar dhreacha sráide is ar na bóithre isteach ar an mbaile.
OO-4	A chinntiú go ndeartar go fíorchúramach idir scála agus meá cothrom na n-áiseanna turasóireachta ionas nach mbeidh siad siúd chomh suntasach san is go mbainfear de charachtar an bhaile mhóir.

4.0 CUSPÓIRÍ CINNTE

Cuspóir Uimh.	Spás Oscailte, Caitheamh Aimsire agus Conláistí Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle:
OS-1	A chinntiú nach mbeidh tionchar diúltach ag aon fhorbairt ar an dtimpeallacht nádúrtha
OS-2	Forbairt limistéar nua conláistí ar an mbaile a éascú más cuí
OS-3	Forbairt slí nua siúlóide a éascú feadh Abha na Snadhma, go háirithe ar an dtaobh Thuaidh den abhainn.
OS-4	A chinntiú go gcoimeádtar uisce Abha na Snadhma atá mar chuid de cSAC (002158) An Ribhéar ar ardchaighdeán agus é cosanta ar thruailliú
OS-5	A chinntiú nach gceadaítear forbairtí laistigh de mhachaire tuile na habhann. Más cuí ní mór measúnú baol tuilte a sheoladh le hiarratas ar fhorbairt is léiriú ar bhearta molta um mhaolú tuilte
OS-6	A chinntiú nach gceadaítear aon athrú ar líonadh isteach ná ar bhruach abhann má bhíonn baol ann go gcuirfí isteach ar an ngnáthóg uiscíoch nó ar dhiúscairt tuilte. Beidh a leithéid d'fhorbairt faoi réir cead a fháil ó Iascaigh Intíre Éireann agus ón OPW
OS-7	A chinntiú go n-ullmhaítear tuairisc comhshaoil má tharlaíonn sé go mbeadh tionchar suntasach comhshaoil ar thimpeallacht nádúrtha Abha na Snadhma
OS-8	Ordú um chaomhnú crann a ullmhú do chrainn chuí ar fud na lonnaíochta agus bearta a bhrú chun cinn chun tuilleadh crann fós a chur síos

Cuspóir Uimh.	Áiseanna Trachtála/Miondíola Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle:
COM-1	Tailte ar an mbaile a ainmniú mar zón miondíola chun freastal ar éileamh a bheidh ar an mbaile sa todhchaí ann féin is ó áiteanna iargúlta
COM-2	Tailte a ainmniú mar is cuí mar zón tráchtála/úsáid mheasctha chun cur le fostaíocht áitiúil agus le gnóthaí miodíola do mhuintir na háite is do thurasóirí araon
COM-3	Tionscnamh a chur chun cinn i dtreo Sráidbhaile Ceardlanna ar an láthair seo

Cuspóir Uimh.	Iompar agus Gluaiseacht Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle:
T-1	Pointí nua rochtana a áirithint chun go dtarlóidh forbairt ceart ar bhonn eagraithe mar a léirítear ar an Learscáil Zónála
T-2	Feabhsúcháin a éascú ag gabhal Cearnóg Thuaidh is Seaview agus arís ag Cearnóg Theas is Bóthar an Chalaidh

T-3	Limistéar nua a sholáthar mar charr/bus-chlós taobh leis an Séipéal Caitliceach agus é ag oscailt ar Bhothar an Chalaidh is ar an mbóthar chuig an séipéal. Más féidir coimeádfar na fallaí cloiche atá cheana féin ann mar theorainn. Caithfidh dearadh an chlóis nua úd a bheith ar ardchaighdeán.
T-4	Línte páirceála in aice a chéile a éascú feadh éadan theas na sráide ar Chearnóg Theas idir an gabhal ag Bóthar an Chalaidh agus an Droichead. Leathnófar na cosáin feadh an cheantair úd le linn tréimhse an Phlean.
T-5	Droichid bhreise do choisithe thar abhainn a lorg in áiteanna cuí ó thuaidh is ó dheas ó Dhroichead na Snadhma. Níor mhór a leithéid a bheith déanta ar bhonn inmarthana chun go mbeidh coisithe in ann gluaiseacht go sábháilte idir na limistéir conláistí. Bheadh tacaíocht dona leithéid de mholtaí ag brath ar iad a bheith ag teacht le hAinmniúcháin Chaomhnaithe Dúlra, Ceansú Baol Tuilte, Cáilíocht Uisce is le cuspóirí caomhnaithe tírdhreach is Oidhreacht Ailtireachta.
T-6	Soláthar/feabhsú slite siúlóide a lorg mar a léirítear iad ar an Léarscáil Zónála.

Cuspóir Uimh.	**Áiseanna Pobail/Institiúideach** **Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle:**
CI-1	Talamh a áirithint chun an bhunscoil a leathnú sa todhchaí mar a léirítear ar an léarscáil zónála.
CI-2	Forbairt ar áitreabh mar thigh poiblí bád a chur chun cinn ar láthair oiriúnach.

Cuspóir Uimh.	**Oidhreacht Ailtireachta** **Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle:**
AH-1	An Limistéar Caomhnaithe Ailtireachta a chaomhnú

Aguisín 1
Limistéar Caomhnaithe Ailtireachta An tSnaidhm

Réamhrá

Féach an réamhrá do ACA Cathair Saidhbhín.

Suíomh agus teorainn an Limistéir Ailtireachta

I lár an ACA tá an dá chearnóg, go príomha clúdaítear lár an bhaile seachas an taobh thiar thuaidh den Chearnóg Theas is an taobh thuaidh den Chearnóg Thuaidh.



Léarscáil 1: An Teorainn ACA

Forbairt stairiúil an cheantair

Tá fairsinge an tsráidbhaile ar an léarscáil OS 1841/42 nach mór ar aon dul lena bhfuil fós ann. Tá an taobh thoir thuaidh den Chearnóg Thuaidh fós gan fhorbairt agus luaitear an Chearnóg Theas mar Fhaiche Aonaigh. Ní ainmnítear go cinnte an Chearnóg Thuaidh.

Léarscáil 2: Léarscáil OS Céad Eagrán 1842

Léarscáil 3: Léarscáil OS Dara Eagrán 1897

Níor críochnaíodh an fhorbairt feadh an dá thaobh thoir theas agus thiar theas den Chearnóg Theas.

Ar an dara eagrán den léarscáil OS (1897) tá sineadh leis an gceantar faoi fhoirgnimh ach fágtar an taobh thoir thuaidh den Chearnóg Thuaidh gan forbairt. Tá forbairt iomlán

déanta ar an dtaobh theas den Chearnóg Theas agus tugtar ‘Faiche Aonaigh’ ar an dá chearnóg Thuaidh is Theas. Ní luaitear an dá Chearnóg Thuaidh ná Theas. Tugtar Ardán Bridgeview ar an dtaobh thoir theas den bhFaiche Aonaigh ó dheas.

Grianghraf 1; 1880-1900

Grianghraf 2; Mar atá Inniu

Grianghraf 3; 1880-1914

Grianghraf 4; Mar atá Inniu

Grianghraf 5; 1880-1914

Grianghraf 6; Mar atá Inniu

Grianghraf 7; 1880-1914

Grianghraf 8; Mar atá Inniu

Grianghraf 9; 1880-1914

Grianghraf 10; Mar atá Inniu

Ach cuid de ghrianghrafanna luatha den Chearnóg Theas a chur i gcomparáid leo siúd a tógadh le deanaí is léir gur bheag athrú a tháinig ar an struchtúr uirbeach le breis is céad bliain.

Liosta Struchtúr Cosanta agus Seadchomharthaí Taifeadta

Tá ceithre struchtúr laistigh den ACA atá ar an Liosta Struchtúr Cosanta.

- Uimh. Chlár. RPS 21401104 Droichead na Snadhma
- Uimh. Chlár. RPS 21401106 The Blue Bull
- Uimh. Chlár. RPS 21401107 Tigh Uí Chuill
- Uimh. Chlár. RPS KY-100-004 Tigh An tSnaidhm

Níl aon Séadchomhartha Taifeadta laistigh den ACA molta.

a) Patrún Sráide

Déanamh figiúir fhada umhir 8 atá ar an sráid, ina dhá leath ag Abha na Snadhma atá mar ghné suntasach i lár an bhaile. Dá bhrí sin forbraíodh an lár uirbeach ar bhonn dlúth, seachas móran bailte ar fud an chontae mar nach mbíonn ach an t-aon sráid mhór fhada amháin.

Grianghraf. 11

Grianghraf. 12

b) *Foirm agus leagan amach spás oscailte idir phoiblí is príobháideach*.
Leagan amach uathúil atá ar na mbaile mór, fiú tá dhá spás móra poiblí i bhfoirm triantánach laistigh den ACA, cé go dtugtar cearnóga orthu. Tá caoi an-mhaith orthu siúd mar déantar cúram díobh go rialta. Cuireann siad go mór le carachtar éagsúil an dreach sráide agus an cheantair chónaithe (Grianghraf 11, 12). Is ar chúl na n-áitreabh atá spás oscailte príobháideach.

c) Feidhmeanna Sóisialta agus eacnamaíoch. Tá idir úsáid phríobháideach agus tráchtála i measc na bhfoirgintí laistigh den ACA.

d) *Cur síos ginearálta ar an struchtúr ailtireachta*. Don chuid is mó is tithe dhá stór atá ansiúd seachas dornán beag ar dhá stór go leith agus cúpla tigh aon stór amháin. Ar an iomlán tá caoi mhaith ar na struchtúir is gan puinn le feiscint atá caite nó tréigthe.

Grianghraf. 13

e) *Díonta,mullaí, simléir*.

Ar an mórgóir tá na mullaí ar aon airde ar fud an ACA, go hairithe ag bun theas na Cearnóige Theas (Grianghraf. 11). Tá cuma níos bríomhaire anso is ansiúd ar an ndreach sráide in áiteanna mar a bhfuil beagán éagsúlachta (Grianghraf 12, 13). Is iad slinnte pice atá ar fhormhór na ndíonta.

Grianghraf. 12 **Grianghraf. 13**

f) *Fallaí*. Ar fhormhór na bhfoirgintí san ACA tá bailchríoch phlástráil mín nó rindreáil líneáilte cé go bhfeictear ceann méarógach anso is ansiúd. (Grianghraf.15)

g) *Oscailtí*.
Cuireadh athrú uaireanta thar na blianta ar shlite isteach nó ar oscailtí de réir mar a d'oireadh do dhálaí áirithe tí nó tráchtála ach ar an iomlán tá an seanchrot fós ar oscailtí fuinneog, dóirse agus áirsí. In áiteanna cuireann dathanna deasa ar ghnéithe mar leaca fuinneog ar son béime beocht éigin sa dreach tí. (Grianghraf. 14) Rud eile a chuireann le carachtar sráide ná fuinneoga a bhíodh ann do shiopaí tráth dá raibh agus a fágadh gan athru cé gur tithe cónaithe anois iad na háitribh chéanna.

Grianghraf. 14 **Grianghraf. 15**

h) *Teorainneacha*. Don chuid is mó is aghaidh go díreach ar thaobh na sráide atá ar na struchtúir laistigh den ACA.

i) Earraí Uisce Báistí. In áiteanna tá na seanphíopaí iarainn mhúnla agus gáitéir fós ann ach cuireadh cinn nua anso is ansiúd ina bpíosaí. Tá teacht aniar iontach san iarann múnla is dá bhrí sin tá ciall leis ó thaobh costais de ach san am gcéanna cuireann sé le dreach oidhreachta na bhfoirgintí.

j) *Radhairc*. Tá scata radharc suntasach laistigh den ACA, go háirithe

Achoimre ar an gCarachtar Speisialta

Is iad seo a leanas na príomhghnéithe a léirítear sa struchtúr uirbeach;

- Foirgintí traidisiúnta den stíl uirbeach traidisiúnta ó bhlianta deireanacha na 19ú haoise agus tús na 20ú haoise.
- díonta pice ar a mbionn slinnte nó slinnte saorga
- ní bhíonn mullaí díonta ná bunsileáin ar aon airde agus is annamh díon a fheiscint nach bhfuil den seandéanamh A
- foirm shimplí dronuilleogach ar fhoirgintí agus meascán aghaidheanna siopaí idir an sean agus an nua
- comharthaí cúlánta traidisiúnta (Grianghraf. 16)
- fuinneoga tí a bhíodh ann do shiopaí tráth dá raibh agus a fágadh gan athrú
- an-chuid fuinneog saise adhmaid, scata éigin uPVC barroscailte nó cáismintí
- líonadh isteach áirithe gan aon stíl traidisiúnta
- leagan amach na bhfoirgintí is iad bailithe thart timpeall ar dhá fhaiche; is beag athru a tharla ansiúd le breis is 150 bliain.

Gnéithe diúltacha

- Cuireadh athrú gan tuiscint anso is ansiúd ar ghnéithe mar fhuinneoga agus earraí uisce báistí, iad san le chéile baintear den stádas mar limistéar caomhnaithe.
- forbraíocht éigin nua-aimseartha gan tuiscint

Grianghraf. 16

<u>Mar Threoracha forbraíochta laistigh den Limistéar Caomhnaithe, Oibreacha nach gcuireann isteach ar charachtar an ACA (níl gá le cead pleanála) agus oibreacha a chuireann isteach ar charachtar an limistéir (gá le cead pleanála) féach ACA Chathair Saidhbhín</u>

Aguisín 2
Struchtúir Chosanta mar atá faoi Láthair

1. **Ainm & Seoladh**
Áras An Gharda Síochána., Inchinaleega Thoir.

Uimh. Thag. RPS 21401101

2. **Ainm & Seoladh**
Séipéal C.R. Naomh Mhichíl.

Uimh. Thag. RPS 21401102

3. **Ainm & Seoladh**
Sli na Síóg.
Uimh. Thag. RPS 21401103

4. **Ainm & Seoladh**
Droichead na Snadhma.
Uimh. Thag. RPS 21401104

5. **Ainm & Seoladh**
Séipéal An Léirfhoilsiú.
Uimh. Thag. RPS 21401105

6. **Ainm & Seoladh**
The Blue Bull.
Uimh. Thag. RPS 21401106

7. **Ainm & Seoladh**
Margadh Olla Uí Chuill, An tSnaidhm
Uimh. Thag. RPS 21401102

8. **Ainm & Seoladh**
Tigh An tSnaidhm
Uimh. Thag. RPS KY-100-104